CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1296 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Iúil 2022

maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dámhachtain conarthaí chun eastóscadh amhola agus gáis nádúrtha a shaothrú sa Rómáin

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 4485)

(Is é an téacs Rómáinise, agus an téacs Rómáinise amháin, atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le nósanna imeachta soláthair ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 35(3) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Chonarthaí Poiblí,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. **FÍORAIS**

(1) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste Comhairligh um Chonarthaí Poiblí.

(2) An 2 Samhain 2021, chuir OMV Petrom S.A. ("an t-iarratasóir") iarraidh isteach de bhun Airteagal 35(1) de Threoir 2014/25/AE ("an iarraidh"). Leis an iarraidh, comhlíontar na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1804 ón gCoimisiún ([2]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin. Chuir an t-iarratasóir faisnéis bhreise isteach an 27 Eanáir 2022 agus an 25 Feabhra 2022. D'iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise ar an Rómáin an 12 Aibreán 2022. Chuir an Rómáin tuilleadh faisnéise faoi bhráid an 2 Bealtaine 2022.

(3) Is eintiteas conarthach é an t-iarratasóir de réir bhrí Airteagal 4(1) de Threoir 2014/25/AE agus tá sé i dteideal iarraidh a dhéanamh chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 35 den Treoir sin. Tá an t-iarratasóir gníomhach in earnáil na taiscéalaíochta agus an táirge ola agus gáis. Tá scairchaipiteal an iarratasóra roinnte mar a leanas: Is le OMV Aktiengesellschaft 51 % de; Is le Stát na Rómáine 21 % de; Is le Fondul Proprietatea S.A. 10 % de, agus is le daoine nádúrtha agus dlítheanacha 18 % de.

(4) Tá suíomh atá réasúnaithe agus cuí-réasúnaithe i dteannta leis an iarraidh ón 10 Feabhra 2021 arna ghlacadh ag Comhairle Iomaíochta na Rómáine. I gcás ina dtagraítear san iarraidh do "dhearcadh" Chomhairle Iomaíochta na Rómáine, ba cheart go dtuigfí é sin mar "sheasamh" Chomhairle Iomaíochta na Rómáine. De bhun na hiarrata, iarrtar ar an gCoimisiún a shuí nach bhfuil feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le gníomhaíochtaí chun amhola agus gás nádúrtha a eastóscadh sa Rómáin.

([1]) IO L 94, 28.3.2014, lch. 243.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1804 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir leis na rialacha mionsonraithe i dtaca le cur i bhfeidhm Airteagal 34 agus Airteagal 35 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 275, 12.10.2016, lch. 39).

2. **CREAT DLÍTHIÚIL**

(5) De bhun Airteagal 14, pointe (a), de Threoir 2014/25/AE, bíonn feidhm ag an Treoir sin maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le dúshaothrú ar limistéar geografach chun na críche ola nó gás a eastóscadh.

(6) Baineann an iarraidh le táirgeadh na hamhola agus an gháis nádúrtha sa Rómáin.

(7) De réir aithris 25 de Threoir 2014/25/AE, "ba cheart 'eastóscadh' a mheas mar 'tháirgeadh' na hola agus an gháis. I gcomhréir leis an gcleachtas bunaithe i gcásanna cumaisc, ba cheart 'táirgeadh' a mheas freisin le 'forbairt' san áireamh ann, i.e. bonneagar leormhaith a chur ar bun don táirgeadh amach anseo (ardáin ola, píblínte, críochfoirt, etc.)".

(8) De bhun Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE, níl conarthaí atá beartaithe chun feidhmiú gníomhaíochta lena mbaineann an Treoir sin a chumasú le bheith faoi réir na Treorach sin más rud é, sa Bhallstát ina ndéantar í, go bhfuil an ghníomhaíocht nochta go díreach leis an iomaíocht ar mhargaí nach bhfuil rochtain orthu srianta.

(9) Déantar risíocht dhíreach ar iomaíocht a mheasúnú ar bhonn critéar oibiachtúil, agus saintréithe na hearnála lena mbaineann á gcur san áireamh. Tá an measúnú sin teoranta, áfach, ag na spriocdhátaí gearra is infheidhme agus ag brath ar an ngá le bheith ag brath ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún. Eascraíonn an fhaisnéis sin as foinsí atá ar fáil cheana féin nó as an bhfaisnéis a fuarthas i gcomhthéacs an chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 35 de Threoir 2014/25/AE agus ní féidir an fhaisnéis sin a fhorlíonadh le modhanna a ídíonn níos mó ama, lena n-áirítear, go háirithe, fiosrúcháin phoiblí atá dírithe ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann.

(10) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an neamhchosaint dhíreach ar an iomaíocht i margadh faoi leith ar bhonn critéar éagsúil, nach bhfuil aon cheann acu, *per se*, ina gcritéir chinntitheacha. Chun críocha measúnú a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil na hoibreoirí ábhartha faoi réir iomaíocht dhíreach sna margaí a bhaineann leis an gCinneadh seo, ba cheart an sciar den mhargadh ag na príomhghnóthais agus méid an chomhchruinnithe sna margaí sin a thabhairt san áireamh.

3. **MEASÚNÚ**

(11) Is é is aidhm don Chinneadh seo a shuí cé acu atá nó nach bhfuil na gníomhaíochtaí lena mbaineann an iarraidh, i margaí nach bhfuil rochtain orthu srianta de réir bhrí Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, neamhchosanta ar leibhéal iomaíochta, lena n-áirithítear freisin, in éagmais an smachta soláthair atá mar thoradh ar na rialacha soláthair mionsonraithe a leagtar síos i dTreoir 2014/25/AE, go ndéanfar an soláthar le haghaidh shaothrú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

(12) Tá an Cinneadh seo bunaithe ar an staid dhlíthiúil agus fhíorasach amhail ó mhí na Samhna 2021 agus ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir agus údaráis na Rómáine isteach agus an fhaisnéis atá ar fáil go poiblí. Is féidir go ndéanfar athbhreithniú air más rud é de thoradh athruithe suntasacha sa staid dhlíthiúil nó fhíorasach, nach gcomhlíontar coinníollacha infheidhmeachta Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE a thuilleadh.

3.1. **Rochtain neamhshrianta ar an margadh**

(13) Meastar go bhfuil rochtain ar mhargadh neamhshrianta má rinne an Ballstát na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais lena n-osclaítear earnáil ar leith nó cuid di a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm. Liostaítear na gníomhartha dlí sin in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2014/25/AE.

(14) De bhun Phointe G d'Iarscríbhinn III i gceangal le Treoir 2014/25/AE, tá Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) mar reachtaíocht ábhartha an Aontais i ndáil le hoscailt an mhargaidh le haghaidh eastóscadh na hola nó an gháis.

([3]) Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha do dheonú agus d'úsáid údaruithe chun hidreacarbóin a chuardach, a thaiscéaladh agus a tháirgeadh (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3).

(15) Tá Treoir 94/22/CE trasuite ([4]) agus curtha i bhfeidhm ag an Rómáin. Dá bhrí sin, meastar nach bhfuil rochtain ar an margadh le haghaidh eastóscadh na hamhola nó an gháis nádúrtha srianta i gcomhréir le hAirteagal 34(3), an chéad fhomhír, de Threoir 2014/25/AE.

(16) Admhaíonn Comhairle Iomaíochta na Rómáine go meastar nach mbeidh srian ar an rochtain ar na margaí le haghaidh eastóscadh na hamhola agus an gháis nádúrtha sa Rómáin de bhun Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ([5]).

(17) Shuigh an Coimisiún roimhe seo go meastar an rochtain ar an margadh a bheith neamhshrianta má tá reachtaíocht ábhartha an Aontais trasuite agus curtha i bhfeidhm ag an mBallstát lena n-osclaítear earnáil ar leith nó cuid di ([6]). Dá thoradh sin, meastar measúnú níos mionsonraithe maidir leis an rochtain ar an margadh ábhartha, *de facto* agus *de jure*, gan a bheith de dhíth le haghaidh raon feidhme na hiarrata seo.

(18) I bhfianaise na dtosca ar a ndearnadh scrúdú in aithrisí 12 go 16, aontaíonn an Coimisiún le Comhairle Iomaíochta na Rómáine go meastar nach bhfuil srian ar an rochtain ar na margaí le haghaidh eastóscadh na hamhola agus an gháis nádúrtha sa Rómáin faoi Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE.

3.2. **Measúnú iomaíochta**

(19) Chun críocha measúnú a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil na gníomhaíochtaí ábhartha neamhchosanta go díreach ar iomaíocht sna margaí nach bhfuil an rochtain srianta orthu, tabharfar san áireamh an sciar den mhargadh ag na príomhghnóthais agus méid an chomhchruinnithe sna margaí sin, lena n-áirítear saintréithe sonracha na ngníomhaíochtaí atá faoi réir na hiarrata.

3.2.1. *Sainmhíniú ar mhargadh táirgí ábhartha*

(20) Áitíonn an t-iarratasóir gurb iad na margaí táirgí ábhartha: (a) an margadh le haghaidh táirgeadh na hamhola; agus (b) an margadh le haghaidh táirgeadh an gháis nádúrtha ([7]).

(21) Áitíonn an t-iarratasóir sa bhreis air sin go n-áirítear le táirgeadh na hamhola agus an gháis nádúrtha: (a) forbairt, i.e. bonneagar oiriúnach a chur ar bun amhail ardáin ola, píblínte agus críochfoirt don táirgeadh amach anseo, agus (b) táirgeadh agus díol, i.e. dúshaothrú na gcúlchistí agus céad díol (mórdhíol) na hamhola agus an gháis nádúrtha.

([4]) An Dlí um Peitriliam uimh. 238/2004, an 7 Meitheamh 2004, a foilsíodh in Iris Oifigiúil na Rómáine uimh. 535 an 15 Meitheamh 2014; Cinneadh Rialtais uimh. 2075/2004 maidir le faomhadh na Rialacha Cur chun Feidhme (nó na Noirm Mhodheolaíochta) le haghaidh chur i bhfeidhm an Dlí um Peitriliam uimh. 238/2004, a foilsíodh in Iris Oifigiúil na Rómáine uimh. 1170 an 10 Nollaig 2004; Reacht Éigeandála Rialtais uimh. 27/2020 maidir le leasú agus comhlánú an Dlí um Peitriliam uimh. 238/2004, a foilsíodh in Iris Oifigiúil na Rómáine uimh. 161 an 27 Feabhra 2020.

([5]) Féach faoi phointe 3.2 de dhearcadh Chomhairle Iomaíochta na Rómáine.

([6]) Féach, *inter alia*, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún (AE) 2015/2177 an 20 Samhain 2015 lena ndíolmhaítear an taiscéalaíocht le haghaidh na hola agus an gháis sa Phortaingéil (IO L 307, 25.11.2015, lch. 27); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1120 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2015 lena ndíolmhaítear an taiscéalaíocht le haghaidh na hola agus an gháis sa Ghréig (IO L 182, 10.7.2015, lch. 88); Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/39/AE ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2013 lena ndíolmhaítear an taiscéalaíocht le haghaidh na hola agus an gháis sa Chipir (IO L 18, 22.1.2013, lch. 19).

([7]) Iarraidh, leathanach 6, pointe 15.

Amhola

(22) Ina chleachtas cinnteoireachta roimhe seo, shainigh an Coimisiún soláthar mórdhíola réamhtheachtach na hamhola mar mhargadh ar leithligh ó sholáthar mórdhíola réamhtheachtach an gháis nádúrtha toisc go bhfuil feidhmeanna difriúla ag an ngás agus ag an amhola agus go mbíonn siad faoi réir iompraíocht praghsála éagsúil chomh maith le srianta costais ([8]). Thug an Coimisiún dá aire go gcuimsíonn an margadh le haghaidh soláthar mórdhíola réamhtheachtach na hamhola gníomhaíochtaí forbartha, táirgthe agus mórdhíola na hamhola ([9]).

(23) I bhfianaise na nithe thuas, chun críocha measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, agus gan dochar do dhlí iomaíochta an Aontais, nó do chur i bhfeidhm aon dlí eile an Aontais, measann an Coimisiún gurb é an margadh táirgí ábhartha an margadh le haghaidh táirgeadh na hamhola.

Gás nádúrtha

(24) Shuigh an Coimisiún ina chleachtas cinnteoireachta go bhfuil margadh táirgí ábhartha amháin ann do dhíol mórdhíola réamhtheachtach an gháis nádúrtha ([10]). Thug an Coimisiún dá aire go gcuimsíonn mórdhíol réamhtheachtach an gháis nádúrtha gníomhaíochtaí forbartha, táirgthe agus mórdhíola an gháis nádúrtha ([11]).

(25) Mheas an Coimisiún freisin cé acu ar cheart nó nár cheart soláthar mórdhíola réamhtheachtach an gháis nádúrtha a roinnt ina dhá mhargadh shainiúla, ceann amháin le haghaidh an gháis nádúrtha leachtaithe ("GNL") agus ceann le haghaidh an gháis phíblíne ([12]). Chun críocha an Chinnidh seo, ní bhaineann an t-idirdhealú sin le hábhar toisc nach bhfuil aon chríochfort GNL sa Rómáin faoi láthair ([13]). I bhfianaise na nithe thuas, chun críocha measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE agus gan dochar do dhlí iomaíochta an Aontais, nó do chur i bhfeidhm aon dlí eile an Aontais, measann an Coimisiún gurb é an margadh táirgí ábhartha an margadh le haghaidh táirgeadh an gháis nádúrtha.

3.2.2. *Sainmhíniú ar Mhargadh ábhartha geografach*

Amhola

(26) Áitíonn an t-iarratasóir go mbaineann raon feidhme domhanda leis an margadh ar tháirgeadh na hamhola.

(27) Mheas an Coimisiún roimhe seo go raibh an margadh le haghaidh soláthar mórdhíola réamhtheachtach na hamhola ina mhargadh domhanda ó thaobh raon feidhme de ([14]). I gcás roinnt custaiméirí sonracha "ar deacair freastal orthu", amhail scaglanna i roinnt tíortha gan chósta sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), mheas an Coimisiún go bhféadfadh an raon feidhme geografach a bheith teoranta do phíblíne soláthair shonrach, amhail píblíne Druzhba ([15]).

(28) Chun meastóireacht a dhéanamh ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, agus gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais, nó do chur i bhfeidhm dlí eile de chuid an Aontais, measann an Coimisiún gur de chineál domhanda é an margadh geografach ábhartha le haghaidh táirgeadh na hamhola.

([8]) COMP/M. 9175 — Total/Chevron Denmark; leathanach 6, pointe 21.
([9]) Cinneadh ón gCoimisiún an 10 Meán Fómhair 2014 i gCás M.7316 — Det Norske Oljeselskap/Marathon Oil Norge, mír 6.
([10]) COMP/M. 9175 — Total/Chevron Denmark; mír 23.
([11]) Cinneadh ón gCoimisiún an 10 Meán Fómhair 2014 i gCás M.7316 — Det Norske Oljeselskap/Marathon Oil Norge, mír 7.
([12]) Féach cinntí i gcásanna COMP/M.8773 — Letterone Holdings/BASF/Wintershall Dea și COMP/M.7631 — Royal Dutch Shell/BG Group.
([13]) D'fhógair Transgaz (Oibreoir Iompair Gáis Náisiúnta na Rómáine), go mbeidh córas iompair gáis nádúrtha na Rómáine nasctha le críochfort GNL faoi 2028 a bheidh suite ar chósta an Rómáine leis an Muir Dhubh. Iarraidh, pointe 92.
([14]) Cinneadh ón gCoimisiún an 3 Meán Fómhair 2014 i gCás M.7318 — Rosneft/Morgan Stanley Global Oil Merchanting Unit, mír 11; Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2009 i gCás M.5629 — Normeston/MOL/MET JV, mír 13.
([15]) Cinneadh ón gCoimisiún an 8 Márta 2013 i gCás M.6801 — Rosneft/TNK-BP, mír 19.

Gás nádúrtha

(29) Áitíonn an t-iarratasóir go gcuimsítear leis an margadh do tháirgeadh an gháis nádúrtha LEE ar a laghad, móide an Rúis agus an Ailgéir. Measann an t-iarratasóir áfach, chun críocha an Chinnidh seo, gur féidir an raon feidhme beacht a fhágáil oscailte toisc go bhfuil an margadh neamhchosanta go díreach ar an iomaíocht, fiú amháin de réir an tsainmhínithe is cúinge agus is féidir ([16]) ([17]).

(30) Ina chleachtas cinnteoireachta, níor ghlac an Coimisiún seasamh cinntitheach go fóill maidir le raon feidhme geografach sholáthar mórdhíola réamhtheachtach an gháis nádúrtha. Cé gur mheas an Coimisiún go bhféadfaí a mheas, ó thaobh an éilimh, LEE, an Ailgéir agus an Rúis ([18]) a bheith san áireamh leis an margadh, ó thaobh an tsoláthair, ag brath ar leibhéal an tslabhra soláthair (allmhairithe/mhórdhíola, díol le custaiméirí tionscail agus le gineadóirí leictreachais, díol le custaiméirí teaghlaigh) i gcás ina dtarlaíonn an soláthar, nó mar gheall ar bhonneagar idirnasctha nó easpa acmhainneachta trasteorann a bheith ar fáil, mheas an Coimisiún an margadh geografach a bheith níos cúinge i roinnt cásanna (i.e. réigiúnach, lena gcumhdaítear roinnt Ballstát, nó fiú náisiúnta ([19])).

(31) Chun meastóireacht a dhéanamh ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, agus gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais, nó do chur i bhfeidhm dlí eile de chuid an Aontais, measann an Coimisiún gur féidir an margadh geografach ábhartha le haghaidh táirgeadh an gháis nádúrtha a fhágáil oscailte.

3.2.3. *Anailís mhargaidh*

Amhola

(32) De réir na faisnéise atá ar fáil ([20]), b'ionann táirgeadh laethúil iomlán na hola ar fud an domhain agus 82 168 milliún bairille in 2019 agus 76 000 milliún bairille in 2020. In 2019, tháirg OMV Petrom 65,90 míle bairille ar an iomlán in aghaidh an lae, rud a d'fhág gurbh ionann a sciar den mhargadh agus 0,08 % ([21]). In 2020, tháirg OMV Petrom 63,87 míle bairille ar an iomlán in aghaidh an lae, rud a d'fhág gurbh ionann a sciar den mhargadh agus a sciar den mhargadh in 2019. Chun críocha na hanailíse seo, tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar leibhéal dhlús an mhargaidh agus ar an margadh ábhartha ina iomláine. Maidir leis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur saintréith den mhargadh le haghaidh tháirgeadh na hamhola is ea cuideachtaí móra faoi úinéireacht an stáit agus trí ghnóthas phríobháideacha eile atá comhtháite go hingearach a bheith ann (na príomhchuideachtaí móra mar a thugtar orthu: BP, ExxonMobil agus Shell arbh ionann a gcodanna faoi seach de tháirgeadh na hamhola in 2019 agus 1 %, 3 % agus 2 %) ([22]) agus líon áirithe "príomhchuideachtaí" mar a thugtar orthu ([23]). Tugtar le fios leis na tosca sin go bhfuil an margadh comhdhéanta de roinnt gnóthas a bhfuil sé d'acmhainneacht acu brú iomaíoch a chur ar an margadh. An tráth céanna, tacaíonn tosca sonracha an mhargaidh seo, eadhon cleachtas na bpraghsanna bunaithe ar mheastacháin idirnáisiúnta, mar aon leis an easpa bacainní suntasacha a bheith ann maidir le hidirbhearta amhola, leis an gcoincheap de mhargadh ina bhfuil leibhéal íseal dlúis, ar a n-oibríonn roinnt oibreoirí ar féidir glacadh leis go bhfuil iomaíocht éifeachtach eatarthu.

([16]) Iarraidh, pointe 29.
([17]) Iarraidh, pointe 31.
([18]) Cinneadh ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 1999 i gCás M.1383 — Exxon/Mobil, mír 18; Cinneadh ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 1999 i gCás M.1532 — BP-Amoco/Arco, míreanna 16-17. Sa dá chinneadh chuir an Coimisiún in iúl, áfach, mar gheall ar bheartais cheannach i leith thionscnamh an gháis bunaithe ar shlándáil an tsoláthair, go bhforchuirtear teorainneacha le reachtaíochtaí áirithe ar an méid gáis a thagann ón tír chéanna.
([19]) Cinneadh ón gCoimisiún an 8 Márta 2013 i gCás M.6801 — Rosneft/TNK-BP, mír 12; Cinneadh ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2007 i gCás M.4545 — Statoil/Hydro, míreanna 13-16.
([20]) Faisnéis bhreise arna cur isteach ag OMV Petrom an 25 Feabhra 2022, meastacháin bunaithe ar na sonraí atá ar fáil go poiblí, de réir mheastachán na Stát Aontaithe. Riarachán na Faisnéise Fuinnimh ("EIA"), lch. 3.
([21]) Faisnéis bhreise arna cur isteach ag OMV Petrom an 25 Feabhra 2022, lch. 3.
([22]) Féach pointe 4.1, lch. 12 de dhearcadh Chomhairle Iomaíochta na Rómáine a ghabhann leis an iarraidh.
([23]) A bhfuil a sciartha den mhargadh níos lú ná sciartha margaidh na bpríomhchuideachtaí móra.

(33) Ina theannta sin, deimhnítear cineál iomaíoch an mhargaidh ábhartha sa Rómáin ós rud é gur sannadh comhaontuithe peitriliam do chuideachtaí nach cuideachtaí Rómánacha iad trí nósanna imeachta tairisceana arna ndéanamh ag an Údarás Náisiúnta um Acmhainní Mianra le linn an bhabhta tairisceana roimhe seo in 2009/2010 maidir le gníomhaíochtaí taiscéalaíochta, forbartha agus táirgthe peitriliam ([24]). Leis seo, deimhnítear tuilleadh go bhfuil an margadh oscailte do ghnóthais eachtracha, ós rud é gur fochuideachtaí de ghrúpaí idirnáisiúnta iad an chuid is mó de na heintitis a liostaítear nó go bhfuil cuideachtaí idirnáisiúnta mar scairshealbhóirí tromlaigh acu.

(34) Deimhnítear cineál iomaíoch mhargadh na Rómáine ós rud é nach bhfuil an amhola a phróiseáiltear i saoráidí an iarratasóra teoranta dá tháirgeadh féin ([25]). Déanann an t-iarratasóir idir amhola intíre agus amhola allmhairithe a phróiseáil. Le linn na tréimhse ó 2017 go dtí 2019, b'ionann an líon amhola allmhairithe faoi seach agus 20,13 %, 9,58 % agus 14,28 % den líon iomlán amhola arna próiseáil sa Rómáin ([26]).

(35) I ndáil le honnmhairí amhola, áitíonn an t-iarratasóir nach bhfuil aon bhacainn roimh onnmhairí idir an Rómáin agus na Ballstáit eile, fiú lasmuigh den Aontas, i gcomhthéacs an mhargaidh dhomhanda. Sa chleachtas, mar a mholann an t-iarratasóir, ní chumhdaítear leis an táirgeadh náisiúnta bliantúil amhola na méideanna a phróiseálann sé go hiartheachtach ([27]).

Gás nádúrtha

(36) De réir na faisnéise atá ar fáil ([28]), b'ionann táirgeadh iomlán an gháis san Aontas agus 70 billiún Sm^3 ([29]) in 2019 agus b'ionann táirgeadh iomlán gáis LEE le haghaidh na bliana céanna agus 185 bhilliún Sm^3. B'ionann táirgeadh OMV Petrom le haghaidh 2019 agus 4,33 bhilliún Sm^3, rud a d'fhág gurbh ionann a sciar den mhargadh ar leibhéal an Aontais agus 6,22 % ([30]). Le haghaidh 2019, b'ionann an táirgeadh sa Rúis agus san Ailgéir agus 678 and 88 mbilliún Sm^3 ([31])faoi seach. Dá bhrí sin, b'ionann an táirgeadh iomlán le haghaidh LEE móide an Rúis agus an Ailgéir agus 950 billiún Sm^3 ar an iomlán arbh ionann an sciar de OMV Petrom agus 0,46 % de sin ([32]). Leis an laghdú sin ar sciar an iarratasóra, i gcomparáid leis an 2 bhliain roimhe seo, léirítear freisin an brú iomaíoch a chuir roinnt iomaitheoirí ar an margadh.

(37) Is measartha an leibhéal dlúis atá ar an margadh le haghaidh tháirgeadh an gháis nádúrtha, agus láithreacht na bpríomhchuideachtaí móra (ExxonMobil agus TotalEnergies arb ionann a sciartha den mhargadh agus 1,59 % agus 3,86 % faoi seach), na bpríomhchuideachtaí (amhail Equinor arb ionann a sciar den mhargadh agus 4,39 %), agus dhá chuideachta atá faoi úinéireacht an stáit, Gazprom agus Sonatrach (arb ionann a sciartha den mhargadh agus 48,80 % agus 12,99 % faoi seach) ([33]) á cur san áireamh. Tugann an Coimisiún dá aire, i bhfianaise rún dearbhaithe an Aontais foinsí an tsoláthair gáis a éagsúlú, táthar ag súil go dtiocfaidh athrú suntasach ar sciartha margaidh na dtáirgeoirí gáis in LEE le linn na mblianta amach romhainn. Leis an éagsúlú soláthair a shamhlaítear, táthar ag súil go gcuirfear le hiontráil nua agus go dtiocfaidh laghdú ar dhlús an mhargaidh, dá bhrí sin. Leis sin, cuirtear in iúl tuilleadh go bhfuil neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht.

([24]) As measc na 27 gcomhaontú peitriliam a bronnadh, bhuaigh gnóthais atá ionchorpraithe lasmuigh den Rómáin 23 de na comhaontuithe sin. Féach i ndáil leis sin Foscríbhinn 4, a ghabhann leis an Iarraidh, lena bhfógraítear buaiteoirí an 10ú Babhta le preaseisiúint ANRM (an tÚdarás Náisiúnta um Acmhainní Mianra), agus lena n-áirítear mionsonraí faoina ngníomhaíochtaí.

([25]) Dar leis an iarratasóir, úsáidtear an chuid is mó den amhola a tháirgeann cuideachtaí nach cuideachtaí Rómánacha iad chun críche a bpróisis scagtha féin agus ní dhíoltar í. Féach pointe 81 den iarraidh i ndáil leis sin.

([26]) Iarraidh, pointe 84.

([27]) Iarraidh, pointe 85.

([28]) D'aisghabh na Stáit Aontaithe na sonraí maidir le méid an mhargaidh a áirítear leis an iarraidh thíos. An Riarachán Faisnéise Fuinnimh (sonraí atá ar fáil go poiblí ón 25 Feabhra 2022). Sloinntear sonraí Riarachán na Faisnéise Fuinnimh i mbilliún troigh ciúbach. Dá bhrí sin, thiontaigh OMV Petrom na sonraí sin ina mbilliún méadar ciúbach, ionas go mbeidís comhsheasmhach leis an méadrach a úsáidtear ina chur i bhfeidhm.

([29]) Méadar Ciúbach Caighdeánach.

([30]) Faisnéis bhreise arna cur isteach ag OMV Petrom an 25 Feabhra 2022, lch. 5.

([31]) Faisnéis bhreise arna cur isteach ag OMV Petrom an 25 Feabhra 2022, lch. 5.

([32]) Faisnéis bhreise arna cur isteach ag OMV Petrom an 25 Feabhra 2022, lch. 5.

([33]) De réir na faisnéise breise arna cur ar fáil ag an iarratasóir an 27 Eanáir 2022, maidir le Sonatrach, rinneadh na sciartha den mhargadh a mheas ag glacadh leis gur baineadh na cainníochtaí táirgthe iomlána atá foilsithe ina thuarascálacha bliantúla den Ailgéir, ós rud é gur cuideachta faoi úinéireacht stáit is ea Sonatrach atá gníomhach sa tír sin don chuid is mó.

(38) Dar leis an iarratasóir, tá onnmhairí gáis nádúrtha na Rómáine níos ísle ná riamh mar gheall ar an acmhainneacht bonneagair theoranta. Leis an teorainn sin ar thaobh na n-onnmhairí, tá brú á chur ar ghnóthais náisiúnta dul in iomaíocht chun a dtáirgeadh a chaipitliú go náisiúnta ([34]). Mar sin féin, le linn na 3 bliana seo caite, léirítear treocht mhéadaitheach agus dhearfach leis na cainníochtaí iarbhír a onnmhairíodh. Tá méadú ag teacht ar na honnmhairí: le linn na chéad 7 mí de 2021, is ionann an líon onnmhairí agus trí hoiread mhéid iomlán an gháis nádúrtha arna onnmhairiú le linn 2020. B'ionann onnmhairí gáis nádúrtha na Rómáine in 2020 agus beagnach sé hoiread an mhéid gáis arna onnmhairiú in 2017 ([35]). Cuireadh leis an treocht onnmhairithe dhearfach sin le bonneagar nuathógtha ([36]). Leis na forbairtí leantacha ar acmhainneacht bonneagair, cuirtear feabhas ar shreabhaí onnmhairí agus déantar neamhchosaint táirgeoirí gáis nádúrtha Rómánacha ar iomaíocht a fheabhsú a thuilleadh.

4. **CONCLÚID**

(39) I bhfianaise na bhfachtóirí a scrúdaítear in aithrisí 4 go 37, ba cheart a mheas go ndéantar an coinníoll maidir le neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht a leagtar síos in Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE a chomhlíonadh sa Rómáin i leith na ngníomhaíochtaí a leanas:

(a) eastóscadh amhola;

(b) eastóscadh gáis nádúrtha.

(40) Ós rud é go meastar an coinníoll maidir le rochtain neamhshrianta ar an margadh a bheith comhlíonta, níor cheart feidhm a bheith ag Treoir 2014/25/AE nuair a dhéanann eintitis chonarthacha conarthaí a dhámhachtain atá beartaithe chun na gníomhaíochtaí a chumasú dá dtagraítear in aithris 38, pointí (a) agus (b), den Chinneadh seo atá le déanamh sa Rómáin, ná nuair a eagraítear comórtais dheartha chun críche gníomhaíocht den sórt sin sna limistéir gheografacha sin.

(41) Ní dochar an Cinneadh seo do chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Aontais agus do chur i bhfeidhm na bhforálacha i réimsí eile de dhlí an Aontais. Go háirithe, ní gá gurb ionann na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar nochtadh díreach don iomaíocht faoi Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE agus na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh faoi Airteagal 101 nó Airteagal 102 den Chonradh nó de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([37]) ón gComhairle mar a dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta ([38]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní bheidh feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag eintitis chonarthacha agus a bheartaítear chun eastóscadh amhola agus gáis nádúrtha a chumasú atá le déanamh sa Rómáin.

Airteagal 2

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

([34]) In éagmais sreabhaí onnmhairí suntasacha, d'fhéadfaí táirgeadh náisiúnta a stóráil go hinmheánach, agus costais níos airde mar iarmhairt air sin, nó d'fhéadfaí é a chur ar fáil ar phraghsanna iomaíocha.

([35]) Na sonraí arna gcur ar fáil bunaithe ar an bhfaisnéis arna foilsiú ag an Údarás Rialála Náisiúnta Fuinnimh (ANRE) ina thuarascálacha míosúla. Féach pointe 90 den iarraidh i ndáil leis sin.

([36]) Seoladh an chuid Rómánach de phíblíne na Bulgáire, na Rómáine, na hUngáire agus na hOstaire ("BRUA") amach anseo i mí na Nollag 2020, lena neartaítear idirnaisc dhéthreoracha idir an Rómáin agus an Ungáir agus idir an Rómáin agus an Bhulgáir. Agus céim I de BRUA a bheith feidhmeach go déthreorach, tháinig feabhas ar leachtacht an mhargaidh (ós rud é nach féidir gás a iompar ón Ungáir go dtí an Rómáin amháin, ach ón Rómáin go dtí an Ungáir freisin).

([37]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

([38]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Aibreán 2016, *Österreichische Post AG v. An Coimisiún*, T-463/14, EU:T:2016:243, mír 28. Féach freisin Treoir 2014/25/AE, aithris 44.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Thierry BRETON
Comhalta den Choimisiún